Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 36

# Cosaint

## Réamhra

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin; ar phá agus ar chostais Óglaigh na hÉireann; agus ar íoc deontas i gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna
(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2012, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna gcur ar fáil ar mhaithe le seirbhísí soláthair chaipitiúil soláthair in 2012, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2011, faoi na socruithe iarchurtha géillte a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**An Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas;

***Luacháil Stoic***

Déantar stoic mhíleata a luacháil ag an meánchostas. Déantar stoic de chuid an Aerchóir a luacháil ag an bpraghas ceannaigh. Déantar stoic roinne a luacháil ag an bpraghas ceannaigh is déanaí.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní míleata a dhímheas go luachanna iarmharacha ar rátaí idir 3% - 20% in aghaidh na bliana agus an modh de réir méid chothroim á úsáid.

***Sócmhainní Caipitil***

Cuimsíonn sócmhainní caipitil gach cineál trealaimh mhíleata agus gach sócmhainn TE ach ní chuirtear san áireamh ann troscán agus feistis go bhfuil costas níos lú ná €600.

Tá sceideal na talún agus na bhfoirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta faoi cheangal. Ós rud é nach bhfuil luachálacha ar fáil do gach ceann de na réadmhaoine seo, níl siad san áireamh sa shócmhainní caipitil (Nóta 2.3).

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar

earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais,
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach,
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC,
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn/Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne/Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Michael Howard**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

28 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 36 Cosaint

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 36 Cosaintdon bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012**.**

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Cosaint**.** Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Lúnasa 2013

# Vóta 36 Cosaint

## Cuntas Leithreasa 2012

| | | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | | |
| A | Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 687,945 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 500 | 688,445 | | 657,141 | 703,451 |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 687,945 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 500 | **688,445** | | **657,141** | **703,451** |
| | *Asbhain* | | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **40,925** | | **46,140** | **42,509** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 647,020 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 500 | | | | |
| | | | **647,520** | | **611,001** | **660,942** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 36,519,313 | 19,288,433 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | 900,000 | 500,000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 35,619,313 | 18,788,433 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 17,000 | 16,002 | 16,065 |
| ii | Taisteal agus cothú | 450 | 415 | 407 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 280 | 165 | 194 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 800 | 554 | 723 |
| v | Trealamh oifige agsu seirbhísí IT seachtracha | 2,170 | 2,090 | 2,065 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,610 | 1,203 | 1,262 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar bheartais | 50 | 9 | — |
| viii | Uachtaránacht an AE | 49 | 35 | — |
| | | 22,409 | 20,473 | 20,716 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 636,668 | 682,735 |
| Pá | | 16,037 | 16,065 |
| Caiteachas eile | | 4,436 | 4,651 |
| **Ollchaiteachas** | | **657,141** | **703,451** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **46,140** | **42,509** |
| **Glanchaiteachas** | | **611,001** | **660,942** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (9,187) | | |
| Coigeartuithe | (7,438) | | |
| Dímheas | 37,055 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1,010 | | |
| | | 21,440 | 20,230 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (5,528) | (9,752) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (24,487) | | |
| Méadú ar stoc | 3,772 | | |
| | | (20,715) | (42,652) |
| **Caiteachas díreach** | | **606,198** | **628,768** |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 7,667 | 8,081 |
| Cíosanna barúlacha | | 2,054 | 1,951 |
| **Costas glan clár** | | **615,919** | **638,800** |

**1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara**

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta de na méideanna measta a leanas i ndáil le Vóta 36 a taobhaíodh in áit eile agus suimeanna iompartha ar an vóta maidir le seirbhísí eile:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin | (400) | (413) |
| Vóta 2 Roinn an Taoisigh | (75) | (75) |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 9,075 | 9,020 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 650 | 766 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | — | 58 |
| Vóta 35 Pinsin Airm | (1,738) | (1,726) |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | 155 | 451 |
| | 7,667 | 8,081 |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 342,100 | 363,474 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.4 | 1,668 | 3,570 |
| | | **343,768** | **367,044** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 751 | 1,419 |
| Stoic | 2.6 | 265,845 | 269,617 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.7 | 73,821 | 49,076 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,326 | 1,967 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.8 | 1,060 | 2,524 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **343,803** | **324,603** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 2,997 | 2,319 |
| Ioncam iarchurtha | | 49 | 44 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.9 | 190 | 254 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.10 | 1,621 | 3,689 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **4,857** | **6,306** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 338,946 | 318,297 |
| **Glansócmhainní** | | **682,714** | **685,341** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **682,714** | **685,341** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 685,341 | 663,411 |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 618,668 | 669,023 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | 2,054 | 1,951 |
| Costas glan clár | 1 | (615,919) | (638,800) |
| Aistrithe – sócmhainní caipitiúla atá á bhForbairt | 2.4 | (7,430) | (10,244) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **682,714** | **685,341** |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe síos

| | Nóta | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Eisíocaíochtaí as an vóta** | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 647,520 | 680,230 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | Cuntas | (900) | (500) |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (35,619) | (18,788) |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | 7,667 | 8,081 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **618,668** | **669,023** |

## 2.3 Sócmhainní caipitil

| | De chuid an airm trealamh | Oifig/IT Trealamh | Troscán agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2012 | 862,885 | 42,464 | 3,563 | 908,912 |
| Athaicmiú ó stoc | 19,825 | — | — | 19,825 |
| Coigeartú na bliana roimhe | 1,537 | — | — | 1,537 |
| Breiseanna | 8,231 | 939 | 83 | 9,253 |
| Diúscairtí | (11,234) | (1,549) | (29) | (12,812) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2012 | 881,244 | 41,854 | 3,617 | 926,715 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012 | 507,189 | 36,398 | 1,851 | 545,438 |
| Dímheas míreanna athaicmithe | 13,924 | — | — | 13,924 |
| Dímheas don bhliain | 34,785 | 2,033 | 237 | 37,055 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (10,314) | (1,463) | (25) | (11,802) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2012 | 545,584 | 36,968 | 2,063 | 584,615 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **335,660** | **4,886** | **1,554** | **342,100** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | **355,696** | **6,066** | **1,712** | **363,474** |

1. Ag eascairt as athbhreithniú ar an gcóras fardail, rinneadh míreanna áirithe a taifeadadh roimhe seo mar stoc a athaicmiú mar shócmhainní caipitil.

2. Is é a chiallaíonn coigeartú na bliana a d’imigh ná coigeartuithe costais d’aistrithe stoic, agus ceannaigh nár caipitlíodh i mblianta roimhe seo.

3. Riarann an Roinn Cosanta tailte (tuairim is 8,400 heicteár) agus foirgnimh ag 100 ionad éagsúil, chomh maith le 20 maoin lasmuigh de bheairicí atá ann mar cheathrúna pósta. Táthar ag dréim leis go ndéanfar dul chun cinn ar dhiúscairt na gceathrúna seo do lucht pósta sa bhliain 2013.

## 2.4 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

| amhail an 31 Nollaig | Conarthaí Tógála |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2012 | 3,570 |
| Íocaíochtaí airgid don bhliain | 5,528 |
| Aistrithe chuig clár na sócmhainní | (7,430) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2012 | 1,668 |

Aistriú barúlach chuig clár na sócmhainní. Ní thaispeántar talamh agus foirgnimh sa shócmhainní caipitil.

## 2.5 Banc agus Airgead

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta, banc agus airgead tirim | 1,091 | 4,783 |
| Orduithe íiocaíochta gan íoc | (340) | (3,364) |
| | 751 | 1,419 |

## 2.6 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **Stoic mhíleata** | | |
| Iarmhéid tosaigh 1 Eanáir | 269,550 | 245,411 |
| Ceannaigh le linn na bliana | 42,837 | 54,596 |
| Eisiúintí le linn na bliana | (26,785) | (30,457) |
| Athaicmiú do shócmhainní seasta | (19,825) | — |
| | 265,777 | 269,550 |
| Páipéarachas, etc. | 34 | 24 |
| Ábhar inchaite IT, etc. | 34 | 43 |
| | 265,845 | 269,617 |

Athaicmíodh roinnt míreanna stoic mar shócmhainní i 2012 (féach nóta 2.3). Tá obair ar siúl go leanúnach le míreanna stoic mhíleata mhallghluaisteacha agus as feidhm a aithint agus a bhaint.

## 2.7 Iarmhéideanna eile dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Tógáil árthaí cabhlaigh (nóta 2.11) | 59,630 | 38,720 |
| Eile | 14,191 | 10,356 |
| | 73,821 | 49,076 |

Tá i gceist leis an bhfigiúr seo réamhíocaíochtaí carnacha don tionscadal athsholáthair shoithí cabhlaigh ó 2010-2012. Íocfar €73m breise faoi Mhárta 2016. (nóta 2.11)

## 2.8 Iarmhéideanna eile dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Fionraí | 1,060 | 2,524 |
| | 1,060 | 2,524 |

| **2.9 Iarmhéideanna eile creidmheasa** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 90 | 148 |
| Cáin ioncaim | 81 | 64 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | (20) | (13) |
| Tobhacht ar ioncaim | (12) | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 9 | 13 |
| Cáin bhreisluacha | — | (23) |
| | 148 | 189 |
| Asbhaintí ó thuarastail | 6 | 6 |
| Fionraí | 36 | 59 |
| | 190 | 254 |

| **2.10 Glandliteanas don Státchiste** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farrasbarr le tabhairt suas | 35,619 | 18,788 |
| Tabhairt suas a iarchur | 900 | 500 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (34,898) | (15,599) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,621 | 3,689 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 751 | 1,419 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 1,060 | 2,524 |
| | 1,811 | 3,943 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (148) | (189) |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | (42) | (65) |
| | (190) | (254) |
| | 1,621 | 3,689 |

## 2.11 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas atá infheidhme de réir an dlí | 96,455 | 128,727 |

**(A) Ceangaltais Dhomhanda**

Cuimsíonn an figiúr €96.46m €72.57m don chlár athsholáthair shoithí cabhlaigh; €19m do cheannach trealaimh chosantaigh agus €2m do roinnt tionscadal tógála.

**(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúil**

Caiteachas i 2012 agus ceangaltais sna blianta ina dhiaidh sin le sásamh de bhua na dtionscadal caipitil mar a bhí conarthaí infheidhmithe de réir an dlí i bhfeidhm amhail:

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Caiteachas | 5,528 | 9,752 |
| Ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin | 1,628 | 2,865 |

**(C) Mórthionscadail**

Caiteachas ar thionscadail ina sáróidh an costas measta iomlán €6.35m:

| | Caiteachas aníos go dtí an 31/12/2011 | Caiteachas 2012 | Blianta ina dhiaidh sin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Tionscadal athsholáthair na narthaí cabhlaigh | 38,720 | 20,910 | 72,570 | 132,200 |

## 2.12 Tionscadal athsholáthair na narthaí cabhlaigh

B'ionann na dliteanais aibith+e a bhí fós le híoc faoi cheann na bliana agus €479,241.

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin** | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | 17,049 | 16,037 | 16,065 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | | 5,360 | 4,436 | 4,651 |
| A.3 | Na Buan-Óglaigh: pá | | 425,434 | 394,846 | 421,329 |
| A.4 | Na Buan-Óglaigh: liúntais | | 44,894 | 43,280 | 42,245 |
| A.5 | Na hÓglaigh Cúltaca: pá, etc. | | 4,386 | 3,679 | 3,935 |
| A.6 | Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais | | 1,225 | 1,128 | 1,172 |
| A.7 | Sibhialtaigh a bhaineann le haonaid: pá, etc. | | 33,692 | 30,823 | 32,779 |
| A.8 | Trealamh cosanta | | 27,500 | 29,150 | 36,617 |
| A.9 | An tAerchór: trealamh agus costais | | 14,500 | 16,287 | 15,488 |
| A.10 | Iompar míleata | | 12,500 | 12,573 | 14,372 |
| A.11 | An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus costais | | 24,200 | 33,558 | 30,542 |
| A.12 | Costais bheairicí agus trealamh innealtóireachta | | 13,500 | 14,344 | 15,119 |
| A.13 | Foirgnimh | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 13,700 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 500 | 14,200 | 12,032 | 16,943 |
| A.14 | Ordanás, éadaí agus lónadóireacht | | 17,000 | 15,062 | 19,823 |
| A.15 | Cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise | | 6,400 | 6,561 | 7,683 |
| A.16 | Traenáil mhíleata | | 2,000 | 2,289 | 2,390 |
| A.17 | Seirbhísí taistil agus lasta | | 4,000 | 2,368 | 2,600 |
| A.18 | Costais leighis | | 2,800 | 2,904 | 2,896 |
| A.19 | Tailte | | 1,000 | 1,651 | 1,179 |
| A.20 | Eachaíocht | | 877 | 909 | 898 |
| A.21 | Cúiteamh | | 5,482 | 3,144 | 4,884 |
| A.22 | Caiteachas ilghnéitheach | | 3,182 | 2,937 | 2,722 |
| A.23 | Costais dhíreacha de thoradh rannpháirtíocht na hÉireann i mBeartas Eorpach Slándála agus Cosanta an AE | | 810 | 689 | 583 |
| A.24 | An Bord Cosanta Sibhialta (deontas i gcabhair) | | 5,585 | 5,585 | 5,585 |
| A.25 | Cros Dhearg na hÉireann (deontas i gcabhair) | | 869 | 869 | 951 |
| | **Iomlán** | | **688,445** | **657,141** | **703,451** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €31,304,260 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Na Buan-Óglaigh: pá | 30,588 | Tá an choigilt ann de bharr nach raibh an oiread sin pearsanra ar seirbhís sna Buan-Óglaigh in 2012 agus a rabhthas ag súil leis. |
| Na hÓglaigh Cúltaca: pá, etc. | 707 | Tá an choigilt ann go príomha de bharr laghdú ar an ngá le deontais, níos lú gníomhaíochtaí oiliúna agus níos mó úsáide as ciondálacha agus iompar míleata. |
| Sibhialtaigh a bhaineann le haonaid: pá, etc. | 2,869 | Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar laghdú ar líon na bhfostaithe sibhialtacha. |
| Trealamh cosanta | (1,650) | Tá an farasbarr ann go príomha de bharr an riachtanais i dtaca le trealamh ríthábhachtach oibriúcháin chosanta sa bhreis. |
| An tAerchór: trealamh agus costais | (1,787) | Baineann an farasbarr go príomhá le costais bhreise chothabhála aerárthaí a d’eascair le linn na bliana. |
| An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus costais | (9,358) | Baineann an farasbarr go príomha le híocaíocht bhreise de €6.15m a bhí riachtanach de thoradh athchaibidlíocht chonradh an Tionscadail um Athsholáthar Árthaí Cabhlaigh. Bhí de thoradh ar an athchaibidlíocht srianú chur i bhfeidhm chlásal géaraithe agus baint costas fachtóireachta tar éis sheachadadh na n-árthaí cabhlaigh. |
| Costais bheairicí agus trealamh innealtóireachta | (844) | Tá an farasbarr ann de bharr costais mhéadaithe fóntais agus trealamh breise innealtóireachta a bhíonn de dhíth i gcomhair misean thar lear lena n-áirítear forbairt raoin lámhaigh míleata breise agus athrú go húsáid mhalartach fhuinnimh ag Campa an Churraigh. |
| Foirgnimh | 2,168 | Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar dhul chun cinn ní ba mhoille ná mar a rabhthas ag súil leis i dtaca le roinnt tionscadal. |
| Ordanás, éadaí agus lónadóireacht | 1,938 | Tá an choigilt ann de bharr moilleanna ar sheachadadh orduithe áirithe éadaí agus costas ní ba lú lónadóireachta. |
| Traenáil mhíleata | (289) | Tá an farasbarr ann go príomha de bharr costais cúrsaí oiliúna ní b’airde ná mar a rabhthas ag súil leo agus an riachtanais le haghaidh trealamh breise oideachais agus oiliúna. |
| Seirbhísí taistil agus lasta | 1,632 | Tá an choigilt ann go príomha de bharr costais taistil agus lasta ní b’ísle ná mar a rabhthas ag súil leo i dtaca le misin thar lear agus costais laghdaithe taistil bhaile. |
| Tailte | (651) | Tá an farasbarr ann de bharr ceannach tailte i nGleann Ó Máil agus costas a bhaineann le dúnadh beairicí. |
| Cúiteamh | 2,338 | Tá caiteachas faoin bhfotheideal seo faoi réir líon athróg nach féidir a mheas, lena n-áirítear líon, luach agus tráthúlacht bronntaí agus socruithe. |
| Caiteachas ilghnéitheach | 245 | Tá an choigilt ann go príomha de bharr moilleanna ar cheapacháin áirithe agus ar chríochnú tionscadal áirithe. |
| Costais dhíreacha de thoradh rannpháirtíocht na hÉireann i mBeartas Eorpach Slándála agus Cosanta an AE | 121 | Tá an choigilt ann de bharr costais choiteanna ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo i dtaca le misin an Aontais Eorpaigh, agus tá sí fritháirithe go páirteach trí chéad-ranníocaíocht chostais na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint, 2013. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2012** | | **2011** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc. | 6,000 | 9,204 | 3,662 |
| 2. | Fáltais ón AE maidir le costais chosanta iascaigh | — | — | 1,073 |
| 3. | Fáltais ó bhainc maidir le seirbhísí tionlacain airgid | 8,500 | 8,717 | 8,913 |
| 4. | Fáltais ó chónaí i gceathrúna oifigiúla Fáltais ó chónaí i gceathrúna oifigiúla | 200 | 222 | 196 |
| 5. | Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc | 650 | 804 | 966 |
| 6. | Fáltais ó eisiúintí eile ar aisíoc | 60 | 41 | 54 |
| 7. | Fáltais ar bhreosla eitlíochta | 70 | 394 | 71 |
| 8. | Fáltais ar urscaoileadh trí cheannach | 50 | 39 | 47 |
| 9. | Talamh agus áitribh:- | | | |
| | (a) cíosanna, etc. | 350 | 470 | 567 |
| | (b) díolacháin | 500 | 250 | 50 |
| 10. | Díol stóras iomarcach | 200 | 444 | 105 |
| 11. | Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht | 80 | 39 | 35 |
| 12. | Nithe ilghnéitheacha | 265 | 825 | 267 |
| 13. | Nithe ilghnéitheacha | 24,000 | 24,691 | 26,503 |
| | **Iomlán** | 40,925 | 46,140 | 42,509 |

**Míniú ar na mórathruithe**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain le breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc. | (3,204) | Tá an barrachas ann de bharr phatrún athraithe íocaíochta na Náisiún Aontaithe, a bhí ina ábhar le fáltais ní b’airde na Náisiún Aontaithe i leith na bliana 2011 ná mar a rabhthas ag súil leo. |
| Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc | (154) | Tá an barrachas ann de bharr gur bhain níos mó pearsanra leas as ciondálacha ná mar a rabhthas ag súil leis. |
| Fáltais ar bhreosla eitlíochta | (324) | Tá an barrachas ann de bharr go raibh éileamh ní ba mhó ar líonadh breosla eitlíochta ná mar a rabhthas ag súil leis ó aerárthaí ar cuairt. |
| Talamh agus áitribh:- (a) cíosanna, etc. | (120) | Tá an barrachas ann go príomha de bharr gur cuireadh rátaí cíosa tráchtála i bhfeidhm le haghaidh úsáid réadmhaoine Cosanta. |
| Talamh agus áitribh:- (b) díolacháin | 250 | Tá an gannchion ann de bharr díolachán ní b’ísle ná mar a rabhthas ag súil leo agus moilleanna ar roinnt idirbheart. |
| Díol stóras iomarcach | (244) | Tá an barrachas ann go príomha de bharr díol aerárthaí as feidhm. |
| Nithe ilghnéitheacha | (560) | Baineann an farasbarr le roinnt aisíocaíochtaí a fuarthas, ach nárbh fhéidir a méid agus a n-ionú a mheas go cruinn. |

## 5 Líon agus pá na bhfostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Líon ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 10,298 | 10,448 |

| | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 400,241 | 427,732 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 349 | 181 |
| Ragobair | 590 | 579 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 289 | 143 |
| Liúntais mhíleata | 36,247 | 32,864 |
| PRSI fostóra | 36,447 | 38,422 |
| **Pá iomlán** | **474,163** | **499,921** |

Ní áirítear leis na hiomláin an Bord Cosanta Sibhialta, Oifig an Ombudsmain d'Óglaigh na hÉireann agus Coiste an Asgard lena mbaineann 28 pearsanra agus €1.4m d'íocaíochtaí iomlána agus de liúntais. Cuireann gach ceann de na comhlachtaí seo a gcuid cuntas féin ar fáil. Cuireann an dá chomhlacht seo cuntais ar leith ar fáil.

Ní áirítear caiteachas neamh-phá arna mhuirearú go fotheidil pá áirithe sna figiúirí pá iomlána thuas.

**5.1 Státseirbhísigh**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 321 | 320 |

| | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 15,240 | 15,341 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 107 | 116 |
| Ragobair | 124 | 71 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 6 | — |
| PRSI fostóra | 560 | 537 |
| **Pá iomlán** | **16,037** | **16,065** |

Cuirtear íocaíochtaí áirithe a cuireadh i gcatagóirí liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise in 2011 san áireamh anois faoi 'liúntais eile' d'fhonn nádúr na n-íocaíochtaí seo a léiriú níos cruinne.

| **Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uas-íocaíocht aonair 2012 €** | **Uas-íocaíocht aonair 2011 €** |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 29 | 4 | 19,585 | 19,585 |
| Ragobair | 90 | 1 | 10,959 | 5,369 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 26 | — | 1,547 | — |

Fuair daoine áirithe liúntais i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Fostaithe sibhialtacha**

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| Líon ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 593 | 660 |

| | **2012 €000** | **2011 €000** |
|---|---|---|
| Pá | 22,595 | 23,678 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 242 | 279 |
| Ragobair | 466 | 508 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 289 | 328 |
| Liúntas am taistil | 600 | 664 |
| Liúntas uirlisí agus liúntais eile | 375 | 439 |
| PRSI fostóra | 2,341 | 2,617 |
| **Pá iomlán** | **26,908** | **28,513** |

Cuirtear íocaíochtaí áirithe a cuireadh i gcatagóir 'pá' in 2011 san áireamh anois faoi chatagóirí eile d'fhonn nádúr na n-íocaíochtaí seo a léiriú níos cruinne.

Áirítear san fhigiúr pá íocaíochtaí téarfa agus iomarcaíochta dar fiú €1,393,979 a íocadh le 26 fhostaí sibhialtach in 2012.

| **Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uas-íocaíocht aonair 2012 €** | **Uas-íocaíocht aonair 2011 €** |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 121 | 2 | 10,847 | 12,881 |
| Ragobair | 196 | 4 | 24,631 | 21,143 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 43 | 4 | 17,035 | 16,903 |
| Liúntas am taistil | 106 | 9 | 12,030 | 11,983 |
| Liúntas uirlisí agus liúntais eile | 668 | — | 3,235 | 3,235 |

Fuair roinnt daoine aonair íocaíochtaí faoi bhreis is fhotheideal amháin.

Áirítear leis an liúntas uirlisí agus liúntais eile roinnt liúntais dhifriúla agus fuair roinnt faighteoirí níos mó ná liúntas amháin agus áiríodh iad níos mó ná uair amháin.

**5.3 Na Buan-Óglaigh (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus an tSéiplíneacht)**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 9,384 | 9,468 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá agus liúntas na seirbhíse míleata | 362,406 | 387,211 |
| Liúntais thar lear | 15,254 | 10,915 |
| Liúntais dualgais slándála | 10,886 | 12,072 |
| Liúntais dualgais teorann | 3,976 | 4,468 |
| Liúntais dualgais patróil | 3,338 | 3,403 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 1,812 | 2,006 |
| PRSI fostóra | 33,546 | 35,268 |
| **Pá iomlán** | **431,218** | **455,343** |

| **Liúntais** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uas-íocaíocht aonair 2012** | **Uas-íocaíocht aonair 2011** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais thar lear | 1,388 | 750 | 41,376 | 38,325 |
| Liúntais dualgais slándál | 7,615 | 36 | 19,996 | 19,441 |
| Liúntais dualgais teorann | 923 | 2 | 47,495 | 7,891 |
| Liúntais dualgais patróil | 753 | 16 | 11,294 | 11,126 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 1,034 | 5 | 13,628 | 20,086 |

Fuair daoine áirithe liúntais i mbreis agus catagóir amháin.

Cuimsíonn na teidil dualgais slándála agus ilghnéitheacha roinnt liúntas éagsúla agus fuair roinnt faighteoirí i ngach catagóir níos mó ná liúntas amháin agus déantar iad a chomhaireamh níos mó ná uair amháin.

Cuimsíonn an uasíocaíocht aonair don liúntas dualgais teorann i 2012 riaráiste de €43,412 ó 2002 go 2011.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Misin thar lear

Áirítear sa chuntas seo na suimeanna a shonraítear thíos i ndáil le luach saothair na bpearsanra míleata atá ag feidhmiú le hoibríochtaí um thacaíocht síochána an AE agus na NA chomh maith le heagraíochtaí éagsúla eile, mar aon le costais taistil, chothaithe, agus iompair:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Misin na NA agus an AE:** | | |
| UNIFIL (An Liobáin) | 32,474 | 19,982 |
| KFOR (An Chosaiv) | 1,270 | 1,285 |
| EUFOR (An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) | 869 | 2,720 |
| Misin eile na NA agus an AE | 3,837 | 2,893 |
| | 38,450 | 26,880 |
| **Eile:** | | |
| Ionadaithe agus comhairleoirí míleata | 1,807 | 1,813 |
| Grúpa Cogaidh AE | 990 | 953 |
| Eagras um Shlándáil agus Comhoibriú san Eoraip | 691 | 433 |
| **Iomlán** | 41,938 | 30,079 |

Den €38 milliún san iomlán a caitheadh ar mhisin NA agus AE, baineann €6 milliún le misin ar a bhfuil an Stát ag íoc an costas iomlán. Baineann an €32 milliún eile le UNIFIL, agus tá socruithe déanta leis an NA maidir le haisíoc costais áirithe ina leith sin. Ba é an suim a fuarthas ón NA mar leithreasaí i gcabhair in 2012 ná €9.2 milliún (Nóta 4.1), ar bhain €4 milliún de le costais pearsanra agus €5.2 milliún le costais trealamh. Ba é an tsuim gan íoc ag deireadh na bliana €1.8 milliún (€0.6 milliún de chostais phearsanra agus €1.2 milliún de chostais trealaimh).

Cuireadh éileamh faoi bhráid na Náisiún Aontaithe maidir le costais a bhain leis an tarraingt siar ó MINURCAT (Sead). Tá sé seo fós á phlé.

### 6.2 Tacaíocht do Chumainn Ionadaíocha

Áirítear sa chuntas seo iomlán de €465,047 i leith luach saothair d'oifigigh míleata ar iasacht chun ionadaíocht a dhéanamh ar chumainn agus costais riaracháin ghaolmhara eile.

### 6.3 Foireann ar Iasacht

Áirítear sa chuntas seo iomlán de €124,322 i leith luach saothair oifigigh mhíleata agus státseirbhísigh ar iasacht.

**6.4 Nithe a Díscríobhadh**

B'ann d'fhaillí maidir le cailliúint nó damáiste do stórais, trealamh nó maoin nach bhféadfaí a chur i leith aon duine; díscríobhadh €10,790 mar gheall air seo.

Díscríobhadh €47,196 de thoradh 59 cás ina ndearnadh damáiste d'fheithiclí míleata.

**6.5 Tabhairt Anonn go 2012**

Faoi fhorálacha alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh anonn €900,000 de leithdháileadh neamhchaite i ndáil le gné chaipitil d'fhotheideal A.13 go dtí an bhliain 2013.

**6.6 Éilimh Dhíobhálacha Pearsanta agus Cháis Fhostaíochta**

| amhail an 31 Nollaig | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| Éilimh réitithe | | |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 159 | 460 |
| Eile | 54 | 52 |
| Éilimh ar láimh: | 359 | 462 |
| Líon díobh a bhain leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 310 | 319 |

**6.7 Costais Dlí**

| Caiteachas don bhliain dar deireadh 31 Nollaig | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Táillí dlí | 1,499,321 | 2,229,198 |
| Cúiteamh | 1,617,288 | 2,613,894 |

Tagraíonn na figiúirí thuasluaite maidir le táillí dlíthiúla agus cúitimh go príomha leis na héilimh a nochtaítear i nóta 6.6.

**6.8 Cóir Leighis**

Tugadh seirbhísí forasacha agus othar seachtrach do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus do chleithiúnaithe an phearsanra liostáilte in ospidéil na sibhialtach gan cur i bhfeidhm an mhuirir reachtúil agus in ospidéil mhíleata gan muirear a ghearradh ar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**6.9 Íocaíochtaí Speisialta**

Tar éis athbhreithnithe inmheánaigh agus nochta dheonaigh nár lorgaíodh, rinneadh íocaíocht de €1,090,078 ar cuntas, ús san áireamh, d’Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i 2012. Bhain seo le ganníocaíocht ÍMAT, ÁSPC agus MSU do liúntais áirithe a íoctar do na Fórsaí Cosanta agus d’fhostaithe sibhialta, ag clúdach na tréimhse 2011 agus 2012.

| SCEIDEAL NA TALÚN AGUS FOIRGNEAMH<br><br>Dílsithe san Aire Cosanta | | |
|---|---|---|
| **Contae** | **Maoine** | **LIMISTÉAR (ACRA)[1]** |
| Ceatharlach | Áitreabh ÓCT, An Mhuine Beag | 0.44 |
| An Cabhán | Dún Uí Néill, Baile an Chabháin | 16.25 |
| An Clár | Campa Chnoc an Lisín | 166.5 |
| An Clár | Campa an Leachta | 5.19 |
| An Clár | Cill Rois, Baile Urradh | 0.6 |
| Corcaigh | Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh | 2.2 |
| Corcaigh | Dún Uí Choileáin, Corcaigh | 59.8 |
| Corcaigh | Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin | — |
| Corcaigh | Seanbheairic & Reilig, Mainistir Fhear Maí | 11 |
| Corcaigh | Áitreabh ÓCT, Cill Chrócháin | 1 |
| Corcaigh | Áitreabh ÓCT, Mainistir na Corann | 0.5 |
| Corcaigh | Ceapach Chuimhneacháin Mhicheáil Uí Choileáin, Beál na Blá | 0.01 |
| Corcaigh | Áitreabh ÓCT, An Sciobairín | 0.5 |
| Corcaigh | Áitreabh ÓCT, Maigh Chromtha | 0.22 |
| Cork | Áitreabh ÓCT, Mala | 0.07 |
| Corcaigh | Áitreabh ÓCT, Eochaill | 0.11 |
| Corcaigh | Cuid den seandún míleata, Cill na Mallach | — |
| Dún na nGall | Teach Chnoc na Carraige, Leitir Ceanainn | 30 |
| Dún na nGall | An Post Míleata, Leifear | 2.6 |
| Dún na nGall | Áitreabh ÓCT, Na Muilinn | 0.25 |
| Dún na nGall | Áitreabh ÓCT, Baile na nGallóglach | 0.5 |
| Baile Átha Cliath | Aeradróm Mhic Easmuinn, Baile Dhónaill, lena n-áirítear feirm chamrais & talamh cóngarach | 685 |
| Baile Átha Cliath | Asplanád, Dún Uí Choileáin | 0.5 |
| Baile Átha Cliath | Láithreán ag Droichead na hInse, BÁC 8. | 1 |
| Baile Átha Cliath | Áitreabh ÓCT, Sord | 0.6 |
| Gaillimh | Raon Raidhfilí Órán Mhóir | 534 |
| Gaillimh | Seachbhóthar Óráin Mhóir | 0.75 |
| Gaillimh | Soláthar Uisce Bhun na dTobar do Raon Óráin Mhóir | — |
| Gaillimh | Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | 74 |
| Gaillimh | Áitreabh ÓCT, Béal Átha na Sluaighe | 0.5 |

[1] Tá na hacraíochtaí sonraithe garbh. Tá foirgnimh le fáil mar chuid de mhórchuid na réadmhaoine.

| SCEIDEAL NA TALÚN AGUS FOIRGNEAMH<br>Dílsithe san Aire Cosanta | | |
|---|---|---|
| **Contae** | **Maoine** | **LIMISTÉAR (ACRA)**[1] |
| Gaillimh | Áitreabh ÓCT, Baile Locha Riach | 0.23 |
| Ciarraí | Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí | 15 |
| Ciarraí | Dúnfort na Sionainne, Tairbeart | 2 |
| Ciarraí | Áitreabh ÓCT, Lios Tuathail | 0.22 |
| Ciarraí | Áitreabh ÓCT, Cill Orglan | 0.25 |
| Ciarraí | Áitreabh ÓCT, An Daingean | — |
| Ciarraí | Áitreabh ÓCT, Cill Airne | 0.2 |
| Cill Dara | Campa agus Tailte an Churraigh | 4,870 |
| Cill Dara | Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara | — |
| Cill Dara | Páirc an Úlloird (2,23,25,78,85,96), An Currach | — |
| Cill Dara | Dún Mhic Aoidh, Cill Dara. | 65 |
| Cill Dara | Tailte ag an Ráth Dubh, An Currach. | 35.5 |
| Cill Chainnigh | Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh | 14 |
| Liatroim | Áitreabh ÓCT, Cluainín | — |
| Lú | Raon Raidhfilí, Dún Dealgan | 13.50 |
| Lú | Áitreabh ÓCT, Droichead Átha | 0.40 |
| Maigh Eo | Áitreabh ÓCT, Cathair na Mart - Léasaithe | 0.50 |
| An Mhí | Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin | 261 |
| An Mhí | Áitreabh ÓCT, an Uaimh | 0.50 |
| An Mhí | Áitreabh ÓCT, Ceanannas | — |
| Uíbh Fhailí | Seandún Míleata, Biorra | 4.90 |
| Ros Comáin | Raon Raidhfilí, Carna | 283 |
| Ros Comáin | Áitreabh ÓCT, Ros Comáin | 0.80 |
| Tiobraid Árann | Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin | 13.50 |
| Tiobraid Árann | Áitreabh ÓCT, Durlas | 0.19 |
| Tiobraid Árann | Raon Raidhfilí an Bharnáin, An Teampall Mór | — |
| Port Láirge | Dún Míleata, Port Láirge | 0.80 |
| Port Láirge | Áitreabh ÓCT, Dún Garbháin - Léasaithe | 0.10 |
| An Iarmhí | Dún Mhic Coluim, An Muileann gCearr | 23.75 |
| An Iarmhí | Dún Chostúim, Baile Átha Luain | 13 |
| An Iarmhí | Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain | 14.75 |
| Cill Mhantáin | Raon Airtléire Ghleann Ó Máil | 6,617 |
| Cill Mhantáin | Campa agus Tailte Chúil Uí Mhaonaigh | 241 |
| Cill Mhantáin | Raon Raidhfilí Chill Pheadair, Bré | 98 |
| Cill Mhantáin | Teach agus Tailte Chnoc na Carraige, Bré | 4.83 |
| Cill Mhantáin | Post an Raonbhardaigh, An Seisceann | 1 |
| Cill Mhantáin | Áitreabh ÓCT, Cill Mhantáin - léasaithe | 0.23 |

[1] Tá na hacraíochtaí sonraithe garbh. Tá foirgnimh le fáil mar chuid de mhórchuid na réadmhaoine.

| SCEIDEAL NA TALÚN AGUS FOIRGNEAMH<br>Dílsithe san Aire Airgeadais | | |
|---|---|---|
| **Contae** | **Maoine** | **LIMISTÉAR (ACRA)[1]** |
| An Clár | Áitreabh ÓCT, Inis | 0.25 |
| Corcaigh | Campa agus Raon Chill Uird | 3,352 |
| Corcaigh | Cuid ag Campa Chill Uird do sholáthar seirbhísí bóthair ag ÚBN | 26.42 |
| Corcaigh | An tOileán Mór | 225 |
| Corcaigh | An Bhunáit Chabhlaigh, An Dún | 84 |
| Corcaigh | Dún an Dáibhisigh, An Geata Bán | 74 |
| Corcaigh | Dún Teampall Bríde, Bun an Tábhairne | 37 |
| Corcaigh | Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí | 2.5 |
| Corcaigh | An Ché Fhíochmhar, Baile Chaisleáin Bhéarra | — |
| Corcaigh | An Ché Thuirlingthe, An Cóbh | — |
| Dún na nGall | Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin | 840 |
| Baile Átha Cliath | Dún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais | 46 |
| Baile Átha Cliath | Dún Chathail Bhrugha Uimh. 17 – 28 Ceathrúna | — |
| Baile Átha Cliath | Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh | 45 |
| Baile Átha Cliath | Páirc Mhic Aoidh, Uimh. 64 | — |
| Baile Átha Cliath | Ospidéal Naomh Bricín, BAC 7. | 8 |
| Baile Átha Cliath | An Seanteach Scoile, Cnoc an Arbhair | — |
| Baile Átha Cliath | 2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair | — |
| Gaillimh | Áitreabh ÓCT, An Gort | 0.2 |
| Laois | Áitreabh ÓCT, Port Laoise | 0.077 |
| Luimneach | Dún an tSáirséalaigh, Luimneach | 14.80 |
| An Longfort | Dún Uí Chonghaile, An Longfort | 14 |
| An Longfort | Cuid de Dhún Uí Chonghaile, An Longfort | 0.37 |
| An Longfort | Áitreabh ÓCT, An Longfort | — |
| Lú | Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan | 18 |
| Maigh Eo | Dún Míleata, Caisleán an Bharraigh | 6 |
| Ros Comáin | Raon Raidhfilí, Cuisle | 139 |
| Ros Comáin | Dún Míleata, Mainistir na Búille | 0.50 |
| Tiobraid Árann | Dún Chiceam, Cluain Meala | 11 |
| Tiobraid Árann | Dún Míleata, An tAonach | 2.70 |
| Tiobraid Árann | Cuid de Dhún Mhic Cana, An Teampall Mór | 0.39 |
| Loch Garman | Dún Míleata, Loch Garman | 1 |
| Cill Mhantáin | Campa agus Raon Raidhfilí Chill Bhríde | 1,574 |

[1] Tá na hacraíochtaí sonraithe garbh. Tá foirgnimh le fáil mar chuid de mhórchuid na réadmhaoine.